# AN CHÚIRT OIBREACHAIS

# THE LABOUR COURT

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

# 2015

# AN CHÚIRT OIBREACHAIS

# THE LABOUR COURT

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2015

**Arna cur faoi bhráid an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta faoi Alt 23(1) den Acht Caidrimh Thionscail, 1946**

# RÁITEAS MISIN NA CÚIRTE OIBREACHAIS

*"Teacht ar bhonn chun comhaontú réalaíoch agus suntasach a bhaint amach trí shocruithe a sholáthar atá tapa, cothrom, neamhfhoirmiúil agus neamhchostasach ar mhaithe le breithniú a dhéanamh agus réiteach a fháil ar dhíospóidí tionsclaíocha".*

**CLÁR AN ÁBHAIR** **Leathanach**


| | |
|---|---|
| **Réamhrá an Chathaoirligh** | **4** |
| **Comhaltaí na Cúirte Oibreachais in 2015** | **8** |
| **Ceannlínte 2015** | **9** |
| **Forbhreathnú ar 2015** | **10** |
| *Cásanna a tarchuireadh* | **10** |
| *Cásanna a tugadh chun críche* | **13** |
| *Éisteachtaí* | **14** |
| **Cásanna os comhair na Cúirte in 2015** | |
| *Cásanna Caidrimh Tionscail* | **15** |
| *Cásanna Comhionannais* | **17** |
| *Cásanna um Eagrú Ama Oibre* | **19** |
| *Cásanna um Pá Íosta Náisiúnta* | **21** |
| *Cásanna um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha)* | **22** |
| *Cásanna um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe)* | **25** |
| *Cásanna um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair* | **27** |
| *Cásanna Achomhairc eile a d'éist an Chúirt* | **29** |
| *Cásanna eile a thug an Chúirt chun críche* | **30** |
| **Treocht Cúig Bliana na dTarchur Díospóide** | **31** |
| **An Timpeallacht Caidrimh Thionsclaíoch in 2015** | **32** |
| **Gníomhaíochtaí Eile** | **33** |
| *Comhchoistí Oibreachais* | **33** |
| *Comhaontuithe Fostaíochta Cláraithe* | **34** |
| *Orduithe Fostaíochta Earnála* | **35** |
| *Comhchomhairlí Tionscail* | **36** |
| **Seirbhísí Tacaíochta** | **37** |
| **Aguisíní** | **39** |
| Aguisín 1 - Tarchuir a Fuarthas in 2015 | **40** |
| Aguisín 2 - Cásanna a Cuireadh i gCrích in 2015 | **44** |
| Aguisín 3 - Comhchomhairlí Tionscail | **47** |
| Aguisín 4 - Feidhmeanna na Cúirte Oibreachais | **48** |
| Aguisín 5 - Struchtúr na Cúirte Oibreachais | **51** |
| Aguisín 6 - Breis Faisnéise | **53** |
| Aguisín 7 - Tuarascáil Airgeadais 2015 | **54** |
| Aguisín 8 - Clár Oibre na Cúirte Oibreachais 2015 | **55** |

## RÉAMHRÁ AN CHATHAOIRLIGH

### Réamhrá le Tuarascáil Bhliantúil 2015 (Meitheamh 2016)

### Buaicphointí

Níl aon amhras ach gurbh é an t-imeacht ba thábhachtaí dá raibh tionchar aige ar an gCúirt i gcaitheamh na bliana atá faoi athbhreithniú ná achtú an Achta um Chaidreamh san Áit Oibre 2015, ar tugadh tosach feidhme dó le hOrdú ón Aire ar an 1 Deireadh Fómhair 2015. Tiocfaidh athrú ó bhonn ar líon na gcásanna a thagann os comhair na Cúirte, agus ar phróifíl na gcásanna lena mbíonn sí ag plé, de bharr an Achta seo. Tarlóidh sé sin mar gheall ar ainmniú na Cúirte mar an t-aon bhinse achomhairc amháin i ngach cás a bhaineann le comhionannas agus le cearta fostaíochta a mbíonn Oifigigh Bhreithiúnais de chuid an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre ag plé leo ar an gcéad dul síos. Chun na héilimh nua a bheidh ar sheirbhísí na Cúirte de bharr na n-athruithe seo a chomhlíonadh, cruthaíodh an ceathrú roinn i mí na Samhna 2015 agus ceapadh Leas-Chathaoirleach breise. Is iad comhaltaí na Cúirte anois ná Cathaoirleach, ceithre Leas-Chathaoirleach agus ocht nGnáth-Chomhalta.

Tugadh faoina lán oibre i rith 2015 mar ullmhúchán le haghaidh na n-athruithe seo. Thug comhaltaí de chuid na Cúirte faoi oiliúint fhairsing chun dul i dtaithí ar an reachtaíocht a bhfeidhmeoidh an Chúirt dlínse achomhairc ina leith amach anseo. Tá nósanna imeachta nua forbartha freisin lena chinntiú go mbainisteofar an líon méadaithe cásanna go héifeachtach chun a chinntiú go bpleanálfar cásanna agus go n-eiseofar cinntí taobh istigh d’achar ama réamhchinnte. Ullmhaíodh rialacha nua maidir le nósanna imeachta, glacadh leo agus cuireadh i bhfeidhm iad i ndáil le comhdú aighneachtaí ag páirtithe agus an t-achar ama a bhfuil siad le comhdú taobh istigh de. Tá na Rialacha sin, dar teideal Rialacha na Cúirte Oibreachais (Achtacháin um Chearta Fostaíochta) 2015, foilsithe ar shuíomh gréasáin na Cúirte Oibreachais agus is féidir teacht orthu ag **www.workplacerelations.ie**

Tá athruithe eile ann a théann i bhfeidhm ar an gCúirt de bharr achtú an Achta Caidrimh Thionscail (Leasú) 2015 ar tugadh tús feidhme dó i mí Dheireadh Fómhair 2015 freisin. Baineann na príomhathruithe faoin reachtaíocht sin le húdarás reachtúil a thabhairt ar ais don Chúirt chun comhaontuithe fostaíochta a chlárú, cé go mbeidh an t-údarás sin athraithe go mór, agus feidhmeanna áirithe i ndáil le forfheidhmiú agus léirmhíniú Comhaontuithe Cláraithe. Ina

theannta sin, leagadh leis an Acht freagracht reachtúil ar an gCúirt chun moltaí a chur faoi bhráid an Aire maidir le hOrduithe Fostaíochta Earnála.

Rinneadh leasú mór ar an Acht Caidrimh Thionscail (Leasú), 2001 freisin chun soiléiriú a dhéanamh ar dhlínse na Cúirte chun díospóidí a iniúchadh i gcás fostaíochtaí nach nós leis an bhfostóir dul i mbun cómhargála, agus an dlínse sin a fheabhsú. Is dócha go mbeidh ceardchumainn ag dul i muinín na reachtaíochta seo, agus í leasaithe, níos minice ná mar a bhí siad go dtí seo. Cuirfidh sé sin freisin le hualach oibre na Cúirte sna blianta amach romhainn.

### Amscála le haghaidh Éisteachtaí

Is é an meán-amscála le haghaidh éisteachtaí i mBaile Átha Cliath ná 13 seachtaine ó dháta an tarchuir. 16 seachtaine ó dháta an tarchuir atá ann taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath faoi láthair. Nuair a tharlaíonn moill, is minic gur atráthú is cúis léi agus tá sé de pholasaí ag an gCúirt anois gan cásanna a chur siar ach amháin má bhíonn imthosca fíoreisceachtúla i gceist.

Is é an sprioc atá ag an gCúirt ná moltaí a eisiúint i gcásanna a bhaineann le Caidreamh Tionsclaíoch taobh istigh de 3 seachtaine ón éisteacht, agus taobh istigh de 6 seachtaine i gcásanna a bhaineann le cearta fostaíochta. Baintear na spriocanna sin amach in 85% de chásanna. In ainneoin go bhfuiltear ag súil le méadú ar a hualach oibre in 2016 agus ina dhiaidh sin, tá sé i gceist ag an gCúirt coinneáil uirthi ag obair i dtreo na sprioc-amscálaí sin a choinneáil.

### An Líon Tarchur

In 2015 fuair an Chúirt 810 tarchur faoi na reachtanna éagsúla taobh istigh dá dlínse, le hais 849 a fuarthas in 2014. Léiríonn sé seo go bhfuil an laghdú ar líon na dtarchur le blianta beaga anuas fós ar siúl. Den chuid is mó, baineann an laghdú seo le líon na dtarchur a fhaightear faoi na hAchtanna Caidrimh Thionscail 1946-2015 a bheith laghdaithe. Bhain 50.7% de na tarchuir a fuarthas le díospóidí caidrimh thionsclaíoch agus bhain 49.3% acu le hachomhairc faoi reachtanna éagsúla a bhaineann le cearta fostaíochta.

Ag féachaint don dlínse mhéadaithe atá bronnta ar an gCúirt de bharr an Achta um Chaidreamh san Áit Oibre 2015, is dócha go mbeidh a dhá oiread cásanna os comhair na Cúirte in 2016 thar mar a bhí in 2015.

Maidir leis na hathruithe atá ann de bharr an Achta um Chaidreamh san Áit Oibre 2015, beidh tionchar suntasach acu ar phróifíl na gcásanna a bheidh ag teacht os comhair na Cúirte freisin. Don tréimhse ó 2016 amach, meastar go mbainfidh suas le 75% de chásanna le hachomhairc ó chinneadh Oifigigh Breithiúnais faoi achtacháin éagsúla eile a bhaineann le cearta fostaíochta, agus go mbainfidh 25% de chásanna le díospóidí trádála a iniúchadh. Tuigeann an Chúirt go rímhaith, áfach, cé chomh lárnach is atá a cuid feidhmeanna ó thaobh díospóidí a réiteach agus tá sí meáite ar thábhacht a róil ina thaobh sin a choimeád.

## Léargas Ginearálta ar Chaidreamh Tionsclaíoch

Bhí an timpeallacht caidrimh thionsclaíoch in Éirinn cuibheasach socair fós in 2015. Tharla sé dhíospóid a bhain le stopadh oibre i gcaitheamh na bliana, lenar bhain naoi ngnólacht agus 37,760 oibrí. 32,964 líon iomlán na laethanta a cailleadh de bharr stopadh oibre i gcaitheamh na bliana, le hais 14 stopadh oibre, ar cailleadh 44,015 lá mar gheall orthu, in 2014.

## Pá

I gcaitheamh na bliana, bhí an Chúirt ag plé le roinnt díospóidí a bhain le héilimh ó cheardchumainn ar ardú pá. Rinneadh na héilimh seo i gcomhthéacs feabhas a bheith tagtha ar an ngeilleagar trí chéile agus ar chúinsí eacnamaíochta agus tráchtála a lán fostaíochtaí. Ba é cur chuige na Cúirte ná arduithe pá a mholadh sa chás go bhféadfaí é sin a chosaint agus go raibh sé sin inbhuanaithe, ag féachaint do chúinsí na bhfostaíochtaí a bhí i gceist agus cé chomh láidir is a bhí an cás a cuireadh chun tosaigh thar ceann na bhfostaithe a raibh na héilimh á ndéanamh thar a gceann. Nuair a moladh arduithe pá, arduithe 2% go 2.5% le haghaidh tréimhse 12 mhí a bhí i gceist de ghnáth.

## Comhaltaí ag Teacht agus ag Imeacht

Ceapadh Kevin Foley, iar-Stiúrthóir Idir-Réitigh ag an gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais, agus Alan Haugh, Abhcóide, ina Leas-Chathaoirligh ar an gCúirt i gcaitheamh na bliana. Ceapadh Louise O’Donnell, iar-Oifigeach Náisiúnta le Ceardchumann IMPACT, ina Comhalta Oibrí agus ceapadh Gavin Marié, iar-Cheannasaí ar Chaidreamh Fostaithe ag Banc Ceannais na hÉireann, ina Chomhalta Fostóra.

Chuaigh Brenda Ward, Bainisteoir Riaracháin, ar scor i gcaitheamh na bliana agus tháinig Mairéad Daly ina háit.

## Nóta Buíochais

Ar deireadh thiar, gabhaim buíochas le mo chomhghleacaithe agus le foireann na Cúirte as ucht a gcuid oibre agus tiomantais. Chuir siad ar fad le rath na Cúirte agus í ag tabhairt faoina sainchúram reachtúil. Gabhaim buíochas ar leith lenár mBainisteoir Riaracháin, Mairéad Daly, agus le Brenda Ward a bhí ann roimpi, a sholáthraíonn tacaíocht fhíorluachmhar dom chun gnóthaí riaracháin na Cúirte a bhainistiú.  Gabhaim buíochas freisin leis an Aire, le hArd-Rúnaí na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus le hoifigigh na Roinne as a dtacaíocht agus a gcabhair leanúnach i rith na bliana.

**Kevin Duffy**
**An Cathaoirleach**

**Meitheamh 2016**

## COMHALTAÍ NA CÚIRTE OIBREACHAIS IN 2015


| | |
|---|---|
| **Cathaoirleach** | *Kevin Duffy* |
| **Leas-Chathaoirligh** | *Caroline Jenkinson*<br>*Brendan Hayes*<br>*Alan Haugh (M.F. 2015)*<br>*Kevin Foley (M.F. 2015)* |
| **Comhaltaí ar Fostóirí Iad** | *Peter Murphy*<br>*Sylvia Doyle*<br>*Mary Cryan*<br>*Gavin Marié (Samh. 2015)* |
| **Comhaltaí ar Oibrithe Iad** | *Jerry Shanahan*<br>*Linda Tanham*<br>*Andrew McCarthy*<br>*Louise O'Donnell (Samh. 2015)* |
| **Cláraitheoir** | *Hugh O'Neill* |

## CEANNLÍNTE 2015

In 2015:

- Fuair an Chúirt Oibreachais 810 tarchur
- Thionóil an Chúirt Oibreachais 613 éisteacht
- D'eisigh an Chúirt Oibreachais 518 Moladh / Cinntiúchán / Cinneadh / Ordú
- D'imscrúdaigh an Chúirt Oibreachais 110 cás a réitíodh roimh an éisteacht nó ag an éisteacht
- Chláraigh an Chúirt Oibreachais Comhaontú Comhchoiteann amháin faoin Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997

### OBAIR NA CÚIRTE OIBREACHAIS IN 2015




### NÓTAÍ


Sa bhreis air sin in 2015 faomhadh comhaontú comhchoiteann amháin faoin Acht um Eagrú Ama Oibre agus glacadh le hOrdú Rialaithe Fostaíochta do dhá thionscal: Glanadh ar Conradh agus Slándáil.

Ón 1 Deireadh Fómhair 2015 amach, mura gcuireann fostóir cinneadh a rinne Oifigeach Breithiúnais de chuid an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre, nó cinneadh de chuid na Cúirte Oibreachais a thagann as achomharc ó Oifigeach Breithiúnais, i bhfeidhm taobh istigh den am a leagadh amach, is féidir iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt Dúiche ar ordú lena dtabharfar treoir don fhostaí nó don fhreagraí an cinneadh a chur i bhfeidhm.

Ar an 1 Deireadh Fómhair 2015, rinneadh Oifigigh Bhreithiúnais de Choimisinéirí um Chearta agus d'Oifigigh Chomhionannais. Tagairtí sa Tuarascáil seo do Choimisinéir um Chearta, tagraíonn siad anois d'Oifigeach Breithiúnais.

## FORBHREATHNÚ AR 2015

### CÁSANNA A TARCHUIREADH CHUIG AN GCÚIRT IN 2015




Ar an iomlán, tháinig laghdú 4.6% ar líon na dtarchur chuig an gCúirt Oibreachais in 2015 i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin (anuas ó 849 go dtí 810) agus bhí athrú níos suntasaí le sonrú i roinnt fochatagóirí tarchuir.

B'ionann líon na dtarchur faoi na hAchtanna Caidrimh Thionscail 1946 go 2015 agus 50.7% de líon iomlán na dtarchur. Léirigh an aicme tharchuir seo laghdú foriomlán 58 nó 12% i gcomparáid le 2014 (411 tarchur i gcomparáid le 469 in 2014).

B'ionann tarchuir faoi reachtaíocht a bhaineann le Cearta Fostaíochta agus 49.3% de na cásanna a tháinig os comhair na Cúirte, méadú 5% le hais 2014. Meastar go dtiocfaidh ardú mór ar líon na dtarchur a bhaineann le cearta fostaíochta de bhun achtú an Achta um Chaidreamh san Áit

Oibre 2015 a fhágann gurb í an Chúirt an t-aon chomhlacht achomhairc amháin faoi gach achtachán fostaíochta.

## PRÓIFÍL NA DTARCHUR – DE RÉIR CATAGÓIRE

| CATAGÓIR | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| Caidreamh Tionsclaíoch | 411 | 469 |
| Cearta Fostaíochta: | 399 | 380 |
| *Comhionannas* | *53* | *53* |
| *Eagrú Ama Oibre* | *184* | *182* |
| *Pá Íosta Náisiúnta* | *22* | *26* |
| *Obair Pháirtaimseartha* | *10* | *12* |
| *Obair Téarma Shocraithe* | *13* | *41* |
| *Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair* | *14* | *19* |
| *Faisnéis agus Comhairliúchán Fostaithe* | *13* | *17* |
| *Comhiomarcaíochtaí Eisceachtúla* | *0* | *0* |
| *An tAcht Sláinte* | *2* | *2* |
| *Obair Ghníomhaireachta Shealadach* | *14* | *13* |
| *An tAcht um Cheartas Coiriúil* | *3* | *0* |
| *Iompar ar Bóthar* | *20* | *14* |
| *Íoc Pá* | *21* | *0* |
| *Téarmaí Fostaíochta* | *11* | *0* |
| *Dífhostú Éagórach* | *14* | *0* |
| *Cosaint Mháithreachais* | *1* | *0* |
| *Fostaithe a Chosaint agus Gnóthais á nAistriú* | *2* | *0* |
| *Acht na bPinsean* | *2* | *1* |
| **Iomlán** | **810** | **849** |

## PRÓIFÍL NA dTARCHUR – DE RÉIR FOINSE

| **Foinse** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| Cásanna lenar bhain an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais roimhe seo (iomlán)<br>• tarchuir ón tSeirbhís Idir-Réitigh[1]<br>• achomharc ó Choimisinéir um Chearta/Oifigeach Breithiúnais; gearán nár cuireadh cinneadh i bhfeidhm | 650<br>*160*<br>*490* | 648<br>*183*<br>*465* |
| Achomharc i gcoinne chinneadh Stiúrthóir an Bhinse Comhionannais | 53 | 53 |
| Tarchur díreach[2] | 107 | 146 |
| Eile[3] | 0 | 2 |
| **Iomlán** | **810** | **849** |

[1] Áirítear leis seo roinnt cásanna inar fhill na páirtithe ar an gCúirt i ndiaidh don Chúirt Moladh a eisiúint. Anuas air sin, áirítear leis tarchuir faoi Alt 26 den Acht Caidrimh Thionscail, 1990 agus tarchuir faoi Alt 20(2) den Acht Caidrimh Thionscail, 1969.
[2] Áirítear leo seo tarchuir faoi Alt 20(1) den Acht Caidrimh Thionscail, 1969 sa chás go gcomhaontaíonn an gearánaí nó an bheirt pháirtithe roimh ré chun glacadh le Moladh na Cúirte; tarchuir a dhéantar go díreach chuig an gCúirt faoi Alt 26(5) den Acht Caidrimh Thionscail, 1990; tarchuir faoi Alt 2(1) den Acht Caidrimh Thionscail (Leasú), 2001 sa chás nach bhfuil nósanna imeachta idirghabhála i bhfeidhm.
[3] Áirítear le "Eile" gearáin ag fostaithe nó ag ceardchumainn faoi shárú Comhaontuithe Fostaíochta Cláraithe (CFCanna) dá dtagraítear faoi Alt 32 den Acht Caidrimh Thionscail, 1946 nó faoi Alt 10 den Acht Caidrimh Thionscail, 1969; iarratais ar chinntiúcháin faoi Alt 6 den Acht Caidrimh Thionscail (Leasú), 2001; cásanna lena mbaineann léirmhíniú ar CFCanna; agus tarchuir faoi fhorálacha éagsúla a bhaineann le cearta fostaíochta.

## CÁSANNA A THUG AN CHÚIRT CHUN CRÍCHE IN 2015

### PRÓIFÍL NA GCÁSANNA A TUGADH CHUN CRÍCHE – DE RÉIR CATAGÓIRE

| CATAGÓIR | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| Caidreamh Tionsclaíoch | 338 | 386 |
| Comhionannas | 31 | 50 |
| Eagrú Ama Oibre | 173 | 145 |
| Pá Íosta Náisiúnta | 16 | 24 |
| Obair Pháirtaimseartha | 3 | 7 |
| Obair Téarma Shocraithe | 19 | 31 |
| Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair | 9 | 8 |
| Faisnéis agus Comhairliúchán Fostaithe | 2 | 8 |
| An tAcht Sláinte | 1 | 0 |
| Comhiomarcaíochtaí Eisceachtúla | 0 | 0 |
| Iompar ar Bóthar | 17 | 5 |
| Íoc Pá | 2 | 0 |
| Téarmaí Fostaíochta | 1 | 0 |
| Obair Ghníomhaireachta Shealadach | 16 | 8 |
| **Iomlán** | **628** | **672** |


***ÉISTEACHTAÍ IN 2015***

*Líon na nÉisteachtaí*

*Thionóil an Chúirt 613 éisteacht in 2015, i gcomparáid le 698 in 2014. Ar mhaithe leis na héisteachtaí seo, d'eagraigh an Chúirt suíonna ag 13 láthair ar an iomlán.*

*Foinsí na gCásanna a Éisteadh in 2015*


*Léiríonn an méid seo a leanas foinsí na gcásanna a d’éist an Chúirt in 2015, bunaithe ar sheoladh an fhostóra:*



## CÁSANNA CAIDRIMH THIONSCLAÍOCH IN 2015

### *CÁSANNA CAIDRIMH THIONSCLAÍOCH A TARCHUIREADH AGUS A THUG AN CHÚIRT CHUN CRÍCHE*

Tháinig laghdú 12% ar líon na dtarchur a fuarthas faoi na hAchtanna Caidrimh Thionscail 1946-2015. Cé gur fhan an chuid is mó de na catagóirí mórán mar a chéile, bhí roinnt eisceachtaí ann le hais threocht 2014.




### *PRÓIFÍL NA GCÁSANNA CAIDRIMH THIONSCLAÍOCH A FUARTHAS*

| Foinse | 2015 | 2014 | Difríocht |
|---|---|---|---|
| Tarchuir ó CCT (idir-réiteach)* | 160 | 183 | -23 |
| Achomhairc i leith Moltaí Coimisinéirí um Chearta | 144 | 155 | -11 |
| Gearán ag comhlacht fostóirí i leith sárú CFC | 0 | 0 | 0 |
| Gearán ag ceardchumann i leith sárú CFC | 0 | 0 | 0 |
| Tarchur díreach – glacadh le Moladh roimh ré | 107 | 128 | -21 |
| Tarchur díreach gan aon nósanna imeachta i bhfeidhm | 0 | 1 | -1 |
| Léirmhíniú ar Chomhaontú Fostaíochta Cláraithe/ Scóip an Chomhchiste Oibreachais nó Ordú Rialaithe Fostaíochta | 0 | 0 | 0 |
| Léirmhíniú ar Phá agus ar Choinníollacha | 0 | 2 | -2 |

* Áirítear leis seo roinnt cásanna inar fhill na páirtithe ar an gCúirt tar éis di Moladh a eisiúint.

## ***ACHOMHAIRC I GCÁSANNA CAIDRIMH THIONSCLAÍOCH***

s féidir le ceachtar páirtí i ndíospóid achomharc a dhéanamh chuig an gCúirt Oibreachais i gcoinne Moltaí Coimisinéirí um Chearta. D'eisigh an Chúirt cinntí in 92 achomharc i gcoinne na moltaí sin in 2015; réitíodh 19 gcás eile roimh éisteacht na Cúirte Oibreachais nó ag éisteacht na Cúirte Oibreachais.

### *FOINSÍ NA NACHOMHARC CAIDRIMH THIONSCLAÍOCH*

| **Achomharc ag** | **2015** | **2014** |
|---|---:|---:|
| Oibrí | 72 | 77 |
| Fostóir | 20 | 25 |
| An dá thaobh | 0 | 1 |
| **Iomlán** | **92** | **103** |

### *TORADH NA NACHOMHARC CAIDRIMH THIONSCLAÍOCH*

| **Toradh an Achomhairc** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| Seasadh le moladh an Choimisinéara um Chearta | 41 | 50 |
| Rinneadh moladh an Choimisinéara um Chearta a leasú | 42 | 46 |
| Cuireadh moladh an Choimisinéara um Chearta ar ceal | 9 | 7 |
| **Iomlán** | **92** | **103** |

## CÁSANNA COMHIONANNAIS IN 2015

### *CÁSANNA COMHIONANNAIS A TARCHUIREADH CHUIG AN GCÚIRT*


#### *AN LÍON TARCHUR COMHIONANNAIS*

| Catagóir | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| Achomharc i gcoinne chinneadh Stiúrthóir an Bhinse Comhionannais | 48 | 48 |
| Achomharc i gcoinne chinneadh Stiúrthóir an Bhinse Comhionannais i dtaca le teorainn ama | 5 | 4 |
| **Iomlán** | **53** | **52** |

#### *FORAIS IDIRDHEALAITHEACHA A LUAITEAR IN ACHOMHAIRC CHOMHIONANNAIS A THARCHUIRTEAR*

Sna 53 achomharc faoi Alt 83 de na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998 go 2012, luadh ocht gcinn de na forais idirdhealaitheacha a ndearnadh foráil dóibh faoin reachtaíocht. Luadh breis agus foras amháin i roinnt cásanna.

### *LÍON NA GCÁSANNA INAR LUADH GACH FORAS*




### *LÍON NA BHFORAS A LUADH IN AGHAIDH AN ACHOMHAIRC A TARCHUIREADH CHUIG AN GCÚIRT*

| | |
|---|---|
| Luadh foras amháin | 45 achomharc |
| Luadh dhá fhoras | 2 achomharc |
| Luadh trí fhoras nó níos mó | 6 achomharc |

In 2015, bhí 45 cás comhionannais inar luadh foras amháin in achomharc chuig an gCúirt Oibreachais in aghaidh cinneadh de chuid oifigeach breithiúnais. Ina theannta sin, bhí dhá chás inar luadh dhá fhoras agus sé chás inar luadh trí fhoras nó níos mó.

## *CÁSANNA COMHIONANNAIS A THUG AN CHÚIRT CHUN CRÍCHE*

### *FOINSE AGUS TORADH NA GCÁSANNA ACHOMHAIRC*

As an 31 cás achomhairc comhionannais a thug an Chúirt chun críche in 2015, réitíodh 5 cinn acu ag an éisteacht nó i ndiaidh na héisteachta, agus níor eisigh an Chúirt Cinntiúchán, ar an

ábhar sin, sna cásanna sin. Léiríonn an méid seo a leanas foinse agus toradh na n-achomharc sna 26 cás inar eisigh an Chúirt Cinntiúchán:

| ***Foinse na nAchomharc*** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| Oibrí | 16 | 34 |
| Fostóir | 10 | 11 |
| **Iomlán** | **26** | **45** |

| ***Toradh na nAchomharc*** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| Deimhníodh Cinneadh Stiúrthóir an Bhinse Comhionannais | 14 | 26 |
| Cuireadh Cinneadh an Stiúrthóra ar ceal | 5 | 6 |
| Rinneadh Cinneadh an Stiúrthóra a leasú | 7 | 13 |
| **Iomlán** | **26** | **45** |

**Is féidir téacs gach ceann de na Cinntiúcháin seo a léamh ar shuíomh gréasáin na Cúirte,** www.workplacerelations.ie

## CÁSANNA UM EAGRÚ AMA OIBRE IN 2015

### *FEIDHMEANNA NA CÚIRTE*

Is iad feidhmeanna na Cúirte Oibreachais faoin Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997:

- comhaontuithe comhchoiteanna faoin Acht a cheadú agus a chlárú
- achomhairc i gcoinne chinntí na gCoimisinéirí um Chearta faoin Acht a chinneadh
- gearáin nár cuireadh chun feidhme cinntí na gCoimisinéirí um Chearta faoin Acht a chinneadh

### *COMHAONTUITHE COMHCHOITEANNA*

#### *COMHAONTUITHE COMHCHOITEANNA A FAOMHADH IN 2015*

In 2015, fuair agus d'fhaomh an Chúirt Oibreachais comhaontú comhchoiteann amháin faoin Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997.

### *CÁSANNA UM AM OIBRE A TARCHUIREADH CHUIG AN GCÚIRT*

| ***Líon agus Catagóirí na dTarchur a Fuarthas*** | **2015** | **2014** |
|---|---:|---:|
| Achomhairc i gcoinne chinntí na gCoimisinéirí um Chearta | 97 | 116 |
| Gearáin nár cuireadh chun feidhme cinntí na gCoimisinéirí um Chearta | 87 | 67 |
| **Iomlán** | **184** | **183** |

### *CÁSANNA UM AM OIBRE A THUG AN CHÚIRT CHUN CRÍCHE*

| ***Líon na gCásanna a Tugadh Chun Críche de réir Catagóire*** | **2015** | **2014** |
|---|---:|---:|
| Achomhairc i gcoinne chinntí na gCoimisinéirí um Chearta | 76 | 90 |
| Gearáin nár cuireadh chun feidhme cinntí na gCoimisinéirí um Chearta | 97 | 55 |
| **Iomlán** | **173** | **145** |

### *ACHOMHAIRC A TUGADH CHUN CRÍCHE – FOINSE AGUS TORADH*

Amach as na 76 achomharc a tugadh chun críche, réitíodh 21 díobh ag nó roimh éisteacht agus níor eisigh an Chúirt Cinntiúchán, ar an ábhar sin, sna cásanna sin. Baineann an fhaisnéis thíos leis na 55 cás inar eisigh an Chúirt Cinntiúchán.

| ***Foinse na nAchomharc*** | **2015** | **2014** |
|---|---:|---:|
| Achomharc ag Fostóir | 20 | 22 |
| Achomharc ag Oibrí/Oibrithe | 35 | 51 |
| Achomharc ag an mBeirt | 0 | 1 |
| **Iomlán** | **55** | **74** |

| *Toradh na nAchomharc* | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| Seasadh le cinneadh an Choimisinéara um Chearta | 15 | 23 |
| Rinneadh cinneadh an Choimisinéara um Chearta a leasú | 31 | 39 |
| Cuireadh cinneadh an Choimisinéara um Chearta ar ceal | 9 | 12 |
| **Iomlán** | **55** | **74** |

**Is féidir téacs gach ceann de na Cinntiúcháin seo a léamh ar shuíomh gréasáin na Cúirte,** *www.workplacerelations.ie*

## CÁSANNA UM PÁ ÍOSTA NÁISIÚNTA IN 2015

### *FEIDHMEANNA NA CÚIRTE*

Is iad feidhmeanna na Cúirte Oibreachais faoin Acht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000:-

- achomhairc i gcoinne chinntí na gCoimisinéirí um Chearta faoin Acht a chinneadh;
- gearáin nár comhlíonadh/nár comhlíonadh go hiomlán cinntí na gCoimisinéirí um Chearta faoin Acht a chinneadh;
- teacht ar chinneadh ar iarratais i gcomhair díolúine (shealadach) ón dualgas teidlíochtaí a íoc le fostaithe faoin Acht.

### *TARCHUIR UM PÁ ÍOSTA A FUARTHAS*

| *Líon agus Catagóirí na dTarchur a Fuarthas* | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| Achomhairc i gcoinne chinntí na gCoimisinéirí um Chearta | 16 | 21 |
| Gearáin nár cuireadh chun feidhme cinntí na gCoimisinéirí um Chearta | 6 | 5 |
| **Iomlán** | **22** | **26** |

***CÁSANNA UM PÁ ÍOSTA A THUG AN CHÚIRT CHUN CRÍCHE IN 2015***

| ***Líon na gCásanna a Tugadh Chun Críche de réir Catagóire*** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| Achomhairc i gcoinne chinntí na gCoimisinéirí um Chearta | 14 | 19 |
| Gearáin nár cuireadh chun feidhme cinntí na gCoimisinéirí um Chearta | 2 | 5 |
| **Iomlán** | **16** | **24** |

***ACHOMHAIRC A TUGADH CHUN CRÍCHE – FOINSE AGUS TORADH***

Amach as na 14 achomharc a tugadh chun críche, réitíodh 6 cinn acu ag nó roimh éisteacht agus níor eisigh an Chúirt Cinntiúchán, ar an ábhar sin, sna cásanna sin.  Baineann an fhaisnéis thíos leis na 8 gcás inar eisigh an Chúirt Cinntiúchán.

| ***Foinse na nAchomharc*** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| Achomharc ag Fostóir | 2 | 3 |
| Achomharc ag Oibrí/Oibrithe | 6 | 13 |
| **Iomlán** | **8** | **16** |

| ***Toradh na nAchomharc*** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| Seasadh le cinneadh an Choimisinéara um Chearta | 3 | 4 |
| Rinneadh cinneadh an Choimisinéara um Chearta a leasú | 3 | 6 |
| Cuireadh cinneadh an Choimisinéara um Chearta ar ceal | 2 | 6 |
| **Iomlán** | **8** | **16** |

***Is féidir téacs gach ceann de na Cinntiúcháin seo a léamh ar shuíomh gréasáin na Cúirte, [www.workplacerelations.ie](http://www.workplacerelations.ie)***

## CÁSANNA UM CHOSAINT FOSTAITHE (OBAIR PHÁIRTAIMSEARTHA) IN 2015

### *FEIDHMEANNA NA CÚIRTE*

Is iad feidhmeanna na Cúirte Oibreachais faoin Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001:-

- comhaontuithe comhchoiteanna a fhaomhadh faoin Acht maidir le fostaithe páirtaimseartha ócáideacha;
- achomhairc i gcoinne chinntí na gCoimisinéirí um Chearta faoin Acht a chinneadh;
- gearáin nár cuireadh chun feidhme cinntí na gCoimisinéirí um Chearta faoin Acht a chinneadh.

### *COMHAONTUITHE COMHCHOITEANNA*

Ní bhfuair an Chúirt Oibreachais aon iarratas chun comhaontú comhchoiteann a fhaomhadh faoin Acht seo in 2015.

### *CÁSANNA OIBRE PÁIRTAIMSEARTHA A TARCHUIREADH CHUIG AN GCÚIRT IN 2015*

| *Líon agus Catagóirí na dTarchur a Fuarthas* | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| Achomhairc i gcoinne chinntí na gCoimisinéirí um Chearta | 7 | 12 |
| Gearáin nár cuireadh chun feidhme cinntí na gCoimisinéirí um Chearta | 3 | 0 |
| **Iomlán** | **10** | **12** |

### *CÁSANNA OIBRE PÁIRTAIMSEARTHA A THUG AN CHÚIRT CHUN CRÍCHE IN 2015*

| *Líon na gCásanna a Tugadh Chun Críche de réir Catagóire* | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| Achomhairc i gcoinne chinntí na gCoimisinéirí um Chearta | 3 | 7 |
| **Iomlán** | **3** | **7** |

### *ACHOMHAIRC A TUGADH CHUN CRÍCHE – FOINSE AGUS TORADH*

Amach as na 3 achomharc a tugadh chun críche, réitíodh 2 cheann acu ag nó roimh éisteacht agus níor eisigh an Chúirt Cinntiúchán, ar an ábhar sin, sna cásanna sin. Ní dhearnadh aon ghearán nár cuireadh chun feidhme cinntí na gCoimisinéirí um Chearta. Baineann an fhaisnéis thíos leis an 1 chás inar eisigh an Chúirt Cinntiúchán. Ní raibh aon chás faoin reachtaíocht seo ina ndearna an dá pháirtí achomharc i gcoinne an chinnidh.

| ***Foinse na nAchomharc*** | **2015** | **2014** |
|---|---:|---:|
| Achomharc ag Fostóir | 0 | 0 |
| Achomharc ag Oibrí/Oibrithe | 1 | 4 |
| **Iomlán** | **1** | **4** |

| ***Toradh na nAchomharc*** | **2015** | **2014** |
|---|---:|---:|
| Seasadh le cinneadh an Choimisinéara um Chearta | 1 | 1 |
| Rinneadh cinneadh an Choimisinéara um Chearta a leasú | 0 | 2 |
| Cuireadh cinneadh an Choimisinéara um Chearta ar ceal | 0 | 1 |
| **Iomlán** | **1** | **4** |

**Is féidir téacs gach ceann de na Cinntiúcháin seo a léamh ar shuíomh gréasáin na Cúirte,** www.workplacerelations.ie

## *CÁSANNA UM CHOSAINT FOSTAITHE (OBAIR TÉARMA SHOCRAITHE) IN 2015*

### *FEIDHMEANNA NA CÚIRTE*

Is iad feidhmeanna na Cúirte Oibreachais faoin Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Théarma Shocraithe), 2003:-

- achomhairc i gcoinne chinntí na gCoimisinéirí um Chearta faoin Acht a chinneadh;
- gearáin nár cuireadh chun feidhme cinntí na gCoimisinéirí um Chearta faoin Acht a chinneadh.

### *CÁSANNA OIBRE TÉARMA SHOCRAITHE A TARCHUIREADH CHUIG AN GCÚIRT IN 2015*

| *Líon agus Catagóirí na dTarchur a Fuarthas* | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| Achomhairc i gcoinne chinntí na gCoimisinéirí um Chearta | 13 | 39 |
| Gearáin nár cuireadh chun feidhme cinntí na gCoimisinéirí um Chearta | 0 | 2 |
| **Iomlán** | **13** | **41** |

### *CÁSANNA OIBRE TÉARMA SHOCRAITHE A THUG AN CHÚIRT CHUN CRÍCHE IN 2015*

| *Líon na gCásanna a Tugadh Chun Críche de réir Catagóire* | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| Achomhairc i gcoinne chinntí na gCoimisinéirí um Chearta | 19 | 29 |
| Gearáin nár cuireadh chun feidhme cinntí na gCoimisinéirí um Chearta | 0 | 2 |
| **Iomlán** | **19** | **31** |

### *ACHOMHAIRC A TUGADH CHUN CRÍCHE – FOINSE AGUS TORADH*

Amach as na 19 n-achomharc a thug an Chúirt chun críche, réitíodh 4 cinn acu roimh nó ag éisteacht agus níor eisigh an Chúirt Cinntiúchán sna 4 chás sin. Baineann an fhaisnéis thíos leis na 15 cás inar eisigh an Chúirt Cinntiúchán.

| **Foinse an Achomhairc** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| Achomharc ag Fostóir | 4 | 6 |
| Achomharc ag Oibrí/Oibrithe | 11 | 18 |
| Achomharc ag an mBeirt | 0 | 1 |
| **Iomlán** | **15** | **25** |

| **Toradh an Achomhairc** | **2015** | **2014** |
|---|---:|---:|
| Seasadh le cinneadh an Choimisinéara um Chearta | 12 | 9 |
| Rinneadh cinneadh an Choimisinéara um Chearta a leasú | 2 | 5 |
| Cuireadh ar leataobh cinneadh an Choimisinéara um Chearta | 1 | 8 |
| Eile | 0 | 1 |
| **Iomlán** | **15** | **23** |

**Is féidir téacs gach ceann de na cásanna inar eisigh an Chúirt Cinntiúcháin a léamh ar shuíomh gréasáin na Cúirte,** www.workplacerelations.ie

## CÁSANNA UM SHÁBHÁILTEACHT, SLÁINTE AGUS LEAS AG AN OBAIR IN 2015

### *FEIDHMEANNA NA CÚIRTE*

Is iad feidhmeanna na Cúirte Oibreachais faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005:-

- achomhairc i gcoinne chinntí na gCoimisinéirí um Chearta faoin Acht a chinneadh;
- gearáin nár cuireadh chun feidhme cinntí na gCoimisinéirí um Chearta faoin Acht a chinneadh.

### *CÁSANNA UM SHÁBHÁILTEACHT, SLÁINTE AGUS LEAS AG AN OBAIR A TARCHUIREADH CHUIG AN gCÚIRT IN 2015*

| ***Líon agus Catagóirí na dTarchur a Fuarthas*** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| Achomhairc i gcoinne chinntí na gCoimisinéirí um Chearta | 13 | 18 |
| Gearáin nár cuireadh chun feidhme cinntí na gCoimisinéirí um Chearta | 1 | 1 |
| **Iomlán** | **14** | **19** |

### *CÁSANNA UM SHÁBHÁILTEACHT, SLÁINTE AGUS LEAS AG AN OBAIR A THUG AN CHÚIRT CHUN CRÍCHE IN 2015*

| ***Líon na gCásanna a Tugadh Chun Críche de réir Catagóire*** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| Achomhairc i gcoinne chinntí na gCoimisinéirí um Chearta | 8 | 7 |
| Gearáin nár cuireadh chun feidhme cinntí na gCoimisinéirí um Chearta | 1 | 1 |
| **Iomlán** | **9** | **8** |

### *ACHOMHAIRC A TUGADH CHUN CRÍCHE – FOINSE AGUS TORADH*

Amach as na 8 n-achomharc a tugadh chun críche, réitíodh 3 cinn acu ag nó roimh éisteacht agus níor eisigh an Chúirt Cinntiúchán, ar an ábhar sin, sna cásanna sin. Baineann an fhaisnéis thíos leis na 5 chás inar eisigh an Chúirt Cinntiúchán.

| ***Foinse na nAchomharc*** | **2015** | **2014** |
|---|---:|---:|
| Achomharc ag Fostóir | 2 | 1 |
| Achomharc ag Oibrí/Oibrithe | 3 | 3 |
| Achomharc ag an mBeirt | 0 | 0 |
| **Iomlán** | **5** | **4** |

| ***Toradh na nAchomharc*** | **2015** | **2014** |
|---|---:|---:|
| Seasadh le cinneadh an Choimisinéara um Chearta | 4 | 0 |
| Rinneadh cinneadh an Choimisinéara um Chearta a leasú | 1 | 2 |
| Cuireadh Cinneadh an Choimisinéara um Chearta ar Ceal | 0 | 2 |
| **Iomlán** | **5** | **4** |

**Is féidir téacs gach ceann de na hachomhairc inar eisigh an Chúirt Cinntiúcháin a léamh ar shuíomh gréasáin na Cúirte,** www.workplacerelations.ie

## *CÁSANNA ACHOMHAIRC EILE A TARCHUIREADH CHUIG AN GCÚIRT IN 2015*

| ***Líon agus Catagóirí na dTarchur*** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| An tAcht Sláinte, 2004 (Achomharc i gcoinne chinneadh an Choimisinéara um Chearta faoin Acht seo) | 1 | 2 |
| Nochtadh cosanta faoin Acht um Cheartas Coiriúil | 3 | 0 |
| An tAcht um Chosaint Mháithreachais, 1994 | 1 | 0 |
| Acht na bPinsean 1990 | 2 | 0 |
| Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Fostaithe a Chosaint ar Ghnóthais a Aistriú) 2003* | 2 | 0 |
| An tAcht um Fhostaithe (Faisnéis agus Comhchomhairle a Sholáthar) 2006 | 13 | 17 |
| An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Ghníomhaireachta Shealadach), 2012 | 14 | 13 |
| An tAcht um Íoc Pá, 1991 | 21 | 0 |
| Na hAchtanna um Théarmaí Fostaíochta, 1994 go 2012* | 11 | 0 |
| Na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 go 2015* | 14 | 0 |
| Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iompar de Bhóthar) (Eagrú Ama Oibre Daoine i mbun Gníomhaíochtaí Soghluaiste Iompair ar Bhóithre), 2012 | 20 | 14 |

*** Tarchuir a fuarthas faoi reachtaíocht nua ón 1 Deireadh Fómhair 2015 go dtí an 31 Nollaig 2015**

**<u>Leagtar amach in Aguisín 1 na sonraí ar fad a bhaineann le Tarchuir faoi achtacháin éagsúla</u>**

## *CÁSANNA ACHOMHAIRC EILE A THUG AN CHÚIRT CHUN CRÍCHE IN 2015*


| ***Líon na gCásanna a Tugadh Chun Críche de réir Catagóire*** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| An tAcht Sláinte 2004 (nár cuireadh i bhfeidhm é) | 1 | 0 |
| Acht na bPinsean, 1990 (Cás arna tharchur chuig an gCúirt lasmuigh den teorainn ama) | 0 | 1 |
| An tAcht um Fhostaithe (Faisnéis agus Comhchomhairle a Sholáthar) 2006 | 2 | 8 |
| An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Ghníomhaireachta Shealadach), 2012 | 16 | 8 |
| An tAcht um Íoc Pá, 1991 | 2 | 0 |
| Na hAchtanna um Théarmaí Fostaíochta, 1994 go 2012* | 1 | 0 |
| Na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 go 2015* | 14 | 0 |
| Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iompar de Bhóthar) (Eagrú Ama Oibre Daoine i mbun Gníomhaíochtaí Soghluaiste Iompair ar Bhóithre), 2012 | 17 | 5 |

*** Tarchuir a fuarthas faoi reachtaíocht nua ón 1 Deireadh Fómhair 2015 go dtí an 31 Nollaig 2015**

**<u>Leagtar amach in Aguisín 1 na sonraí ar fad a bhaineann le Tarchuir faoi achtacháin éagsúla</u>**

## TARCHUR DÍOSPÓIDÍ: TREOCHT CÚIG BLIANA 2011 – 2015

*TARCHUR DÍOSPÓIDÍ FOSTAÍOCHTA*



## *AN TIMPEALLACHT CAIDRIMH THIONSCLAÍOCH IN 2015*

Ba é 32,964 líon na laethanta a cailleadh de bharr díospóidí tionsclaíocha in 2015, i gcomparáid le 44,015 don bhliain 2014. Bhí 9 ndíospóid thionsclaíocha ann in 2015, ag a raibh tionchar ar 37,760 oibrí agus 9 ngnóthas.

### DÍOSPÓIDÍ TIONSCLAÍOCHA: LE CÚIG BLIANA ANUAS

| Catagóir | 2015 | 2014 | 2013 | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|---|---|
| Líon na nDíospóidí | 9 | 11 | 12 | 5 | 8 |
| Líon na nGnóthas | 9 | 11 | 12 | 5 | 8 |
| Líon na nOibrithe | 37,760 | 31,665 | 11,924 | 1,920 | 1,384 |
| Líon na Laethanta a Cailleadh | 32,964 | 44,015 | 14,965 | 8,486 | 3,695 |

Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE

### *COMHCHOISTÍ OIBREACHAIS*

Sna hAchtanna Caidrimh Thionscail, 1946 go 2015, foráiltear do chóras Comhchoistí Oibreachais (CCOanna), meicníocht atá deartha chun gur féidir íosrátaí pá reachtúla agus coinníollacha fostaíochta reachtúla a leagan síos in earnálacha ar leith.

Is ionadaithe d'fhostóirí agus oibrithe san earnáil ábhartha faoi chathaoirleach neamhspleách atá i gComhchoiste Oibreachais. Foilsíonn an CCO mionsonraí nuair a thagann siad ar chomhaontú i leith téarmaí agus coinníollacha, agus cuirtear fáilte roimh aighneachtaí. Tar éis dó aon aighneachtaí a bhreithniú, is féidir leis an gCoiste moltaí a dhéanamh d'fhonn Ordú Rialaithe Fostaíochta a dhéanamh (féach thíos).

Tacaíonn an Chúirt Oibreachais le hobair na CCOanna trí Rúnaíocht, cóiríocht agus saoráidí eile a sholáthar dá gcruinnithe.

### *ORDUITHE RIALAITHE FOSTAÍOCHTA*

Is éard atá in Ordú Rialaithe Fostaíochta (ORF) ionstraim reachtúil ina leagtar síos rátaí pá agus coinníollacha fostaíochta a bhaineann le gráid nó catagóirí sainithe oibrithe in earnáil ar leith. Ar bhun moltaí a fhaightear ón CCO don earnáil sin agus lenar ghlac an Chúirt Oibreachais, déanann an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta ORF ina ndearbhaítear téarmaí an ORF má tá sé sásta gur comhlíonadh na coinníollacha reachtúla. Ní mór gach ordú a dhéanann an tAire a chur faoi bhráid dhá Theach an Oireachtais agus féadfar iad a chur ar neamhní ach ceachtar den dá Theach é sin a réiteach.

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ SA RÉIMSE SEO IN 2015

Thionóil CCO na Slándála, an CCO um Ghlanadh ar Conradh agus an CCO um Ghruagaireacht cruinnithe i gcaitheamh 2015 (tionóladh 15 chruinniú ar fad). Rinne an CCO um Ghlanadh ar Conradh agus CCO na Slándála Ordú Rialaithe Fostaíochta:-

- Ordú Rialaithe Fostaíochta (Comhchoiste Oibreachais Thionscal na Slándála) 2015 (I.R. Uimh. 417 de 2015);
- Ordú Rialaithe Fostaíochta (An Comhchoiste Oibreachais um Ghlanadh ar Conradh) 2015 (I.R. Uimh. 418 de 2015);

Bhí éifeacht dlí leis an dá ORF ón 1 Deireadh Fómhair 2015. Ceanglaítear ar fhostóirí a mbaineann ORF leo rátaí pá a íoc agus coinníollacha fostaíochta a sholáthar nach lú fabhar ná iad siúd a leagadh síos. Is féidir aon sárú ar Ordú Rialaithe Fostaíochta a tharchur chuig an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre le haghaidh gníomh cuí.

### *GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE*

I réimse na gruagaireachta, tá soláthar sna ORFanna ábhartha go gcláródh an CCO foghlaimeoirí (printísigh) i gceirdeanna san earnáil sin. B'ionann líon na n-iarratas ar chlárú foghlaimeoirí sa cheird seo, a ndéanann an Chúirt Oibreachais bainistiú ar an gclárú sin, agus 102 in 2015.

## *COMHAONTUITHE FOSTAÍOCHTA CLÁRAITHE*

Foráladh san Acht Caidrimh Thionscail (Leasú) 2015 do mheicníocht a thabhairt isteach arís le haghaidh clárú comhaontuithe fostaíochta idir fostóir nó fostóirí agus ceardchumainn, comhaontú lena rialaítear téarmaí agus coinníollacha i bhfiontair aonair.

Is mar seo a shainmhínítear comhaontú fostaíochta san Acht Caidrimh Thionscail (Leasú) 2015:

*"comhaontú, i dtaobh luach saothair nó coinníollacha fostaíochta oibrithe d'aon aicme nó cineál nó grúpa, arna dhéanamh idir ceardchumann nó ceardchumainn oibrithe agus fostóir*

*amháin nó níos mó ná sin nó ceardchumann fostóirí, nach bhfuil de cheangal ach ar na páirtithe sa chomhaontú i leith oibrithe na haicme, an chineáil nó an ghrúpa sin."*

Sa chás go bhfuil an Chúirt Oibreachais sásta go sásaíonn comhaontú a chuirtear i láthair na ceanglais ábhartha reachtúla, cláróidh siad an comhaontú. Is é an tionchar a bhíonn aige seo forálacha an chomhaontaithe a dhéanamh infheidhme i dtaobh an dlí de i dtaca le gach oibrí den aicme, den chineál nó den ghrúpa a bhfuil sé curtha in iúl go mbaineann sé leis. Ar deireadh, is féidir le páirtí i gcomhaontú fostaíochta cláraithe iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt go n-athrófaí an comhaontú chomh fada is a bhaineann sé le haon oibrí nó oibrithe a bhfuil feidhm aige ina leith.

### *CLÁRÚCHÁIN IN 2015*

I ndiaidh thosach feidhme an Achta Caidrimh Thionscail (Leasú) 2015, níor chláraigh an Chúirt aon Chomhaontú Fostaíochta sa tréimhse go dtí Nollaig 2015.

Tá an Chúirt ag súil le méadú ar líon na gComhaontuithe Fostaíochta ó thús 2016 i leith de réir mar a bheidh eagraíochtaí ag dul i dtaithí ar na riachtanais nua maidir le comhaontuithe a chlárú atá san Acht Caidrimh Thionscail (Leasú) 2015.

## *ORDUITHE FOSTAÍOCHTA EARNÁLA*

Is é nó í an tAire a dhéanann Ordú Fostaíochta Earnála agus leagtar síos ann na téarmaí agus coinníollacha a bhaineann leis an luach saothair agus aon scéim pá breoiteachta nó scéim pinsin de chuid oibrithe earnála, cineáil nó grúpa ar leith san earnáil eacnamaíochta a bhfuil sé curtha in iúl go mbaineann an t-iarratas léi.

Tar éis don Chúirt Oibreachais iarratas a fháil, is féidir léi athbhreithniú ar phá agus ar theidlíochtaí pinsin agus pá breoiteachta oibrithe in earnáil faoi leith a thionscnamh agus, má mheasann sí gur cuí é, moladh a chur faoi bhráid an Aire maidir leis an ábhar. Is féidir leo seo a leanas iarratas den sórt sin (a chaithfidh a bheith ionadaíoch den chuid is mó ar fhostóirí agus/nó ar oibrithe) a dhéanamh:-

(a) Ceardchumann oibrithe;

(b) Ceardchumann nó eagraíocht fostóirí; nó

(c) Comhiarratas ó cheardchumann oibrithe agus ceardchumann nó eagraíocht fostóirí.

Má bhíonn an tAire sásta gur chloígh an Chúirt Oibreachais leis an bpróiseas dá bhforáiltear sa reachtaíocht nua, déanfaidh sé/sí an tOrdú. Nuair a dhéantar ordú den sórt sin, beidh sé ceangailteach ar fud na hearnála lena mbaineann sé, agus is é an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre a chuirfidh i bhfeidhm é.

### *ORDUITHE FOSTAÍOCHTA EARNÁLA IN 2015*

I ndiaidh thosach feidhme an Achta Caidrimh Thionscail (Leasú) 2015, ní dhearna an tAire aon Ordú Fostaíochta Earnála.

Tá an Chúirt ag súil le méadú ar líon na nOrduithe Fostaíochta Earnála ó thús 2016 i leith de réir mar a bheidh eagraíochtaí ag dul i dtaithí ar na riachtanais nua maidir le hiarraidh ar an gCúirt scrúdú a dhéanamh, mar atá leagtha amach san Acht Caidrimh Thionscail (Leasú) 2015.

## *COMHCHOMHAIRLÍ TIONSCAIL*

Is éard atá i "g*Comhchomhairle Tionscail cháilithe*" (CCT) comhlacht idirghabhála deonach do thionscal nó do chuid de thionscal atá ina n-ionadaí d'fhostóirí agus d'oibrithe. Má chomhlíonann sé na coinníollacha a leagtar amach sa reachtaíocht caidrimh tionscail, féadfaidh sé iarratas ar chlárú a chur isteach chuig an gCúirt. Má bhíonn an Chúirt sásta leis an iarratas, cuirfidh siad an comhlacht ar Chlár na gComhchomhairlí Tionscail.

Éascaíonn an Chúirt Oibreachais na Comhairlí trí oifigeach de chuid na Cúirte a chur ar fáil chun gníomhú mar rúnaí ag a gcruinnithe.

Ag deireadh 2015, bhí 5 Chomhchomhairle Tionscail ar an gClár agus, amhail a cheanglaítear faoi Alt 23(3) den Acht Caidrimh Thionscail, 1946, áirítear sonraí fúthu seo in Aguisín 3.

### *GNÍOMHAÍOCHTAÍ NA CCTANNA CLÁRAITHE IN 2015*

Thionóil an Chomhchomhairle Tionscail don Tionscal Trádála cruinniú amháin in 2015.

### *CCTANNA 'NEAMHCHLÁRAITHE'*

Cé is moite de na 5 chomhlacht ar Chlár na gComhchomhairlí Tionscail, is ann do roinnt comhlachtaí eile a thugann faoi ghníomhaíochtaí den sórt céanna ach nach ndearna iarratas ar chlárú – CCT an Tionscail Conraitheoireachta Leictrí agus CCT na bhFostaithe Tionscail Stáit. Cuireann an Chúirt Oibreachais oifigeach de chuid na Cúirte ar fáil chun gníomhú mar rúnaí ag cruinnithe na gcomhlachtaí sin, agus d'fhreastail oifigigh de chuid na Cúirte ar 5 chruinniú de Chomhchomhairle Tionscail na bhFostaithe Tionscail Stáit i gcaitheamh 2015.

## *SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA IN 2015*

### *BAINISTÍOCHT AIRGEADAIS*

Tá an Chúirt Oibreachais á maoiniú ag an Státchiste, tríd an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta. Thabhaigh an Chúirt caiteachas dar luach €2.255m le linn 2015. Chuimsigh sé seo €1.979m i dtaca le pá agus €0.276m i dtaca le neamhphá. Déantar airgead uile na Cúirte Oibreachais a riar trí bhuiséad na Roinne agus is cuid de chuntais na Roinne é. Chomh maith lena tairiscintí féin a eagrú, bhain an Chúirt leas chomh maith as íostarraingt ón Roinn i réimsí amhail oiliúint, soláthairtí agus trealamh oifige. Déantar monatóireacht sheasmhach ar an gcaiteachas agus déantar athbhreithniú air gach mí.

*Féach Aguisín 7: Tuarascáil Airgeadais don Bhliain 2015 chun sonraí a fháil.*

### *SEIRBHÍS DO CHUSTAIMÉIRÍ*

Léiríonn Cairt um Sheirbhís do Chustaiméirí na Cúirte a tiomantas do sheirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí a chur ar fáil, bunaithe ar na prionsabail seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí don tSeirbhís Phoiblí agus Cód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse a d'fhormhuinigh an Rialtas. Measann an Chúirt gur chomhlíon sí na tiomantais a rinneadh sa Chairt um Sheirbhís do Chustaiméirí.

### *MEABHRÁN TUISCEANA*

In 2015 d'ullmhaigh an Chúirt Oibreachais Meabhrán Tuisceana (MT) lena máthair-Roinn (an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta) i gcomhlíonadh an cheanglais faoi chinneadh an Rialtais an 15 Samhain 2011 agus faoin gClár um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí a foilsíodh an 17

Samhain 2011 do gach Roinn chun, i measc rudaí eile, Comhaontuithe Leibhéal Seirbhíse láidre a chur i bhfeidhm lena gComhlachtaí Stáit faoi Mheitheamh 2012.

Gheall an Chúirt go soláthródh sí comhaontú leibhéal seirbhíse de réir na dtáirgí insoláthartha agus na gcritéar feidhmíochta atá sainithe ina clár oibre bliantúil atá curtha isteach aici, mar atá leagtha amach in Aguisín 8 agus de réir na reachtaíochta ábhartha uile.

***LEASÚ CAIDRIMH SAN ÁIT OIBRE***

Tugann an tAcht um Chaidreamh san Áit Oibre 2015, ar tugadh tosach feidhme dó le hOrdú ón Aire ar an 1 Deireadh Fómhair 2015, éifeacht do chlár an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta chun struchtúir agus creata an Stáit maidir le caidreamh san áit oibre/cearta fostaíochta agus caidreamh tionsclaíoch a leasú. Foráiltear san Acht gurb í an Chúirt Oibreachais an t-aon chomhlacht achomhairc amháin i ngach cás a bhaineann le comhionannas agus le cearta fostaíochta a mbíonn Oifigigh Bhreithiúnais de chuid an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre ag plé leo ar an gcéad dul síos.

Déanfar gach gearán céadchéime leis an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre sa chás go mbeidh trí rogha chun gearáin a réiteach ar fáil – luathréiteach, iniúchadh agus breithiúnas. Déanfar na hachomhairc uile chuig an gCúirt Oibreachais agus ní dhéanfar ach achomhairc bhreise chuig an Ard-Chúirt ar phointe dlí.

Tiocfaidh athrú ó bhonn ar líon na gcásanna a thagann os comhair na Cúirte, agus ar phróifíl na gcásanna lena mbíonn sí ag plé, de bharr an Achta seo. Chun na héilimh nua a bheidh ar sheirbhísí na Cúirte de bharr na n-athruithe seo a chomhlíonadh, cruthaíodh an ceathrú roinn i mí na Samhna 2015 agus ceapadh Leas-Chathaoirleach breise. Is iad comhaltaí na Cúirte anois ná Cathaoirleach, ceithre Leas-Chathaoirleach agus ocht nGnáth-Chomhalta.

**AN CHÚIRT OIBREACHAIS**

**THE LABOUR COURT**

AGUISÍNÍ THUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2015

## AGUISÍN 1
## TARCHUIR A FUARTHAS IN 2015

| Alt/Acht/Iarratas | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| **Caidreamh Tionsclaíoch** | | |
| Alt 32, an tAcht Caidrimh Thionscail, 1946<br>(Gearán ag ceardchumann maidir le sárú CFC) | **0** | **0** |
| Alt 33(1), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1946<br>(Léirmhíniú CFC) | **0** | **0** |
| Alt 33(3), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1946<br>(Léirmhíniú CFC – tarchur ag Cúirt Dlí) | **0** | **0** |
| Alt 43(1), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1990<br>(Léirmhíniú ar an gcód cleachtais) | **0** | **0** |
| Alt 57(1), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1946<br>(Ceist scóip CCO nó ORF) | **0** | **0** |
| Alt 10, an tAcht Caidrimh Thionscail, 1969<br>(Gearán faoi shárú CFC) | **0** | **0** |
| Alt 13(9), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1969<br>(Achomharc i leith Mholadh an Choimisinéara um Chearta) | **144** | **155** |
| Alt 20(1), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1969<br>(Cásanna a tharchuir an Ceardchumann nó na hoibrithe – glacadh roimh ré leis an Moladh) | **106** | **125** |
| Alt 20(2), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1969<br>(Cásanna a tharchuir na páirtithe – glacadh roimh ré leis an Moladh) | **1** | **2** |
| Alt 26(1), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1990<br>(Cásanna a tharchuir an CCO chuig an gCúirt) | **160** | **182** |
| Alt 26(3), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1990<br>(Cásanna a tharchuir an CCO chuig an gCúirt gan idir-réiteach) | **0** | **0** |
| Alt 26(5), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1990<br>(Cásanna a tarchuireadh chuig an gCúirt faoi chúinsí eisceachtúla) | **0** | **1** |
| Alt 2(1), an tAcht Caidrimh Thionscail (Leasú), 2001 arna leasú ag an Acht Caidrimh Thionscail (Forálacha Ilghnéitheacha), 2004<br>(Cásanna gan nósanna imeachta idirghabhála i bhfeidhm) | **0** | **1** |
| Alt 6(1), an tAcht Caidrimh Thionscail (Leasú), 2001<br>(Iarratas ar Chinneadh maidir le Moladh) | **0** | **0** |
| Alt 10(1), an tAcht Caidrimh Thionscail (Forálacha Ilghnéitheacha), 2004<br>(Achomharc i leith Chinneadh an Choimisinéara um Chearta – maidir le híospairt) | **0** | **1** |
| Alt 28(1) agus Alt 29(2), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1946 (Tuairisc maidir le hathrú agus cealú CFC éisteachta) | **0** | **0** |
| Alt 7, an tAcht Caidrimh Thionscail, 1969 (Léirmhíniú ar chomhaontú maidir le pá agus coinníollacha) | **0** | **2** |
| | | |
| ***Líon Iomlán na gCásanna um Chaidreamh Tionsclaíoch*** | ***411*** | ***469*** |

| | | |
|---|---|---|
| **Comhionannas** | | |
| Alt 77(12), an tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 (Achomharc i leith chinneadh Stiúrthóir an Bhinse Comhionannais – teorainn ama) | **5** | **4** |
| Alt 83, an tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 (Achomharc i leith chinneadh Stiúrthóir an Bhinse Comhionannais) | **48** | **44** |
| Alt 77A(2)(a), na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998-2008 (Achomharc i leith chinneadh Stiúrthóir an Bhinse Comhionannais) | **0** | **4** |
| | | |
| ***Líon Iomlán na gCásanna Comhionannais*** | ***53*** | ***53*** |
| **Alt / Acht / Iarratas** | **2015** | **2014** |
| **Eagrú Ama Oibre** | | |
| Alt 28(1), an tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997 (Achomharc i leith chinneadh Coimisinéara um Chearta) | **97** | **116** |
| Alt 28(8), an tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997 (Gearán nár cuireadh i bhfeidhm cinneadh an Choimisinéara um Chearta) | **87** | **67** |
| ***Líon Iomlán na gCásanna um Eagrú Ama Oibre*** | **184** | **183** |

| | | |
|---|---|---|
| **Obair Ghníomhaireachta Shealadach** | | |
| Alt 25(2) den Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Ghníomhaireachta Shealadach), 2012 | **13** | **12** |
| Alt 25(3) den Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Ghníomhaireachta Shealadach), 2012 | **1** | **1** |
| ***Líon Iomlán na gCásanna um Obair Ghníomhaireachta Shealadach*** | **14** | **13** |
| **Nochtadh Cosanta faoin Acht um Cheartas Coiriúil** | | |
| Alt 12(2) Nochtadh Cosanta | **3** | **0** |
| | | |
| ***Líon Iomlán na gCásanna um Nochtadh Cosanta faoin Acht um Cheartas Coiriúil*** | **3** | **0** |

| | | |
|---|---|---|
| **Pá Íosta Náisiúnta** | | |
| Alt 27(1), an tAcht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000 (Achomharc i gcoinne cinnidh ag Coimisinéir um Chearta) | **16** | **21** |
| Alt 31(1), an tAcht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000 (Gearán nár cuireadh i bhfeidhm cinneadh an Choimisinéara um Chearta) | **6** | **5** |
| ***Líon Iomlán na gCásanna um Pá Íosta Náisiúnta*** | ***22*** | **26** |

| | | |
|---|---|---|
| **Cosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha)** | | |
| Alt 17(1) den Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001 (Achomharc i gcoinne cinnidh ag Coimisinéir um Chearta) | **7** | **12** |
| Alt 17(8) den Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001 (Gearán nár cuireadh i bhfeidhm cinneadh an Choimisinéara um Chearta) | **3** | **0** |
| ***Líon Iomlán na gCásanna um Obair Pháirtaimseartha*** | **10** | **12** |
| **Cosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe)** | | |
| Alt 15(1) den Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Théarma Shocraithe), 2003 (Achomharc i gcoinne cinnidh ag Coimisinéir um Chearta) | ***13*** | **39** |
| Alt 15(8) den Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Théarma Shocraithe), 2003 (Gearán nár cuireadh i bhfeidhm cinneadh an Choimisinéara um Chearta) | **0** | **2** |
| ***Líon Iomlán na gCásanna um Obair Téarma Shocraithe*** | **13** | **41** |
| **Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair** | | |
| Alt 29(1), an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 (Achomharc i gcoinne cinnidh ag Coimisinéir um Chearta) | ***13*** | **18** |
| Alt 29(8), an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 (Gearán ag fostaí nár cuireadh i bhfeidhm cinneadh an Choimisinéara um Chearta) | **1** | **1** |
| ***Líon Iomlán na gCásanna um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair*** | **14** | **19** |
| **Faisnéis agus Comhairliúchán Fostaithe** | | |
| Alt 15(1), Acht na bhFostaithe (Soláthar Eolais agus Comhairliúcháin), 2006 (Cásanna arna dtarchur chuig an gCúirt go díreach) | ***0*** | **1** |
| Alt 6(5), Acht na bhFostaithe (Soláthar Eolais agus Comhairliúcháin), 2006 | **0** | **1** |
| Alt 15(4), Acht na bhFostaithe (Soláthar Eolais agus Comhairliúcháin), 2006 | **0** | **0** |
| Alt 15(5), Acht na bhFostaithe (Soláthar Eolais agus Comhairliúcháin), 2006 | ***13*** | **15** |
| ***Líon Iomlán na gCásanna um Fhaisnéis agus Comhairliúchán*** | **13** | **17** |
| **Comhiomarcaíochtaí Eisceachtúla** | | |
| Alt 7(1)(a), an tAcht um Chaomhnú Fostaíochta (Comhiomarcaíochtaí Eisceachtúla agus Nithe Gaolmhara), (Iarratas ón Aire le haghaidh tuairime maidir le Comhiomarcaíochtaí Eisceachtúla) | ***0*** | **0** |

| | | |
|---|---|---|
| ***Líon Iomlán na gCásanna um Chomhiomarcaíochtaí Eisceachtúla*** | **0** | **0** |
| **Sláinte** | | |
| Alt 55M(11), an tAcht Sláinte, 2004 (Achomharc i gcoinne chinneadh an Choimisinéara um Chearta faoin Acht seo) | **1** | **2** |
| Alt 55M(15), an tAcht Sláinte 2004 | **1** | **0** |
| ***Líon Iomlán na gCásanna Sláinte*** | **2** | **2** |
| **Iompar ar Bóthar** | | |
| Alt 19, Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iompar de Bhóthar) (Eagrú Ama Oibre Daoine i mbun Gníomhaíochtaí Soghluaiste Iompair ar Bhóithre), 2012 | **17** | **14** |
| Alt 20, Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iompar de Bhóthar) (Eagrú Ama Oibre Daoine i mbun Gníomhaíochtaí Soghluaiste Iompair ar Bhóithre), 2012 | **3** | **0** |
| ***Líon Iomlán na gCásanna um Iompar ar Bóthar*** | **20** | **14** |
| **Cosaint Mháithreachais** | | |
| Alt 33(1), an tAcht um Chosaint Mháithreachais, 1994 | **1** | **0** |
| ***Líon Iomlán na gCásanna um Chosaint Mháithreachais*** | **1** | **0** |
| **Acht na bPinsean** | | |
| Alt 81(1), Acht na bPinsean, 1990 | **2** | **0** |
| Alt 81(4), Acht na bPinsean, 1990 (Cás arna tharchur chuig an gCúirt lasmuigh den teorainn ama) | **0** | |
| ***Líon Iomlán na gCásanna um Acht na bPinsean*** | **2** | **0** |
| **Íoc Pá** | | |
| Alt 7(1), an tAcht um Íoc Pá, 1991 | **21** | **0** |
| ***Líon Iomlán na gCásanna um Íoc Pá*** | **21** | **0** |
| **Téarmaí Fostaíochta** | | |
| Alt 8 (1), na hAchtanna um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis) 1994-2012 | **11** | **0** |
| ***Líon Iomlán na gCásanna um Théarmaí Fostaíochta*** | **11** | **0** |
| **Dífhostú Éagórach** | | |
| Alt 9(1), na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 go 2015 | **14** | **0** |
| ***Líon Iomlán na gCásanna um Dhífhostú Éagórach*** | **14** | **0** |
| **Aistriú Gnóthas** | | |
| **Alt 11(1), Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Fostaithe a Chosaint ar Ghnóthais a Aistriú) 2003** | **2** | **0** |

| | | |
|---|---|---|
| | | |
| ***Líon Iomlán na gCásanna um Aistriú Gnóthas*** | **2** | **0** |
| | | |
| | | |
| **AN LÍON IOMLÁN TARCHUR A FUARTHAS** | **810** | **957** |

## AGUISÍN 2 CÁSANNA A TUGADH CHUN CRÍCHE IN 2015

| *Alt / Acht / Iarratas* | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| **Caidreamh Tionsclaíoch** | | |
| Alt 32, an tAcht Caidrimh Thionscail, 1946<br>(Gearán ag ceardchumann maidir le sárú CFC) | 0 | 0 |
| Alt 33(1), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1946<br>(Léirmhíniú CFC) | 0 | 0 |
| Alt 33(3), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1946<br>(Léirmhíniú CFC – tarchur ag Cúirt Dlí) | 0 | 0 |
| Alt 10, an tAcht Caidrimh Thionscail, 1969<br>(Gearán faoi shárú CFC) | 0 | 0 |
| Alt 13(9), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1969<br>(Achomharc i leith Mholadh an Choimisinéara um Chearta) | 111 | 123 |
| Alt 20(1), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1969<br>(Cásanna a tharchuir an Ceardchumann nó na hoibrithe go díreach – glacadh roimh ré leis an Moladh) | 86 | 96 |
| Alt 20(2), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1969<br>(Cásanna a tharchuir na páirtithe go díreach – glacadh roimh ré leis an Moladh) | 0 | 3 |
| Alt 26(1), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1990<br>(Cásanna a tharchuir an CCO chuig an gCúirt) | 141 | 160 |
| Alt 26(3), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1990<br>(Cásanna a tharchuir an CCO chuig an gCúirt gan idir-réiteach) | 0 | 0 |
| Alt 26(5), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1990<br>(Cásanna a tarchuireadh chuig an gCúirt faoi chúinsí eisceachtúla) | 0 | 1 |
| Alt 43(1), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1990<br>(Léirmhíniú cód cleachtais) | 0 | 0 |
| Alt 43(2), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1990<br>Gearán faoi shárú ar Chód Cleachtais | 0 | 0 |
| Alt 2(1), an tAcht Caidrimh Thionscail (Leasú), 2001, arna leasú ag an Acht Caidrimh Thionscail (Forálacha Ilghnéitheacha) 2004<br><br>(Cásanna gan nósanna imeachta idirghabhála i bhfeidhm) | 0 | 0 |
| Alt 6(1), an tAcht Caidrimh Thionscail (Leasú), 2001<br>(Iarratas ar Chinneadh maidir le Moladh) | 0 | 0 |
| Alt 10(1), an tAcht Caidrimh Thionscail (Forálacha Ilghnéitheacha) 2004<br>(Achomharc i leith Chinneadh an Choimisinéara um Chearta – maidir le híospairt) | 0 | 1 |
| Alt 28(1) agus Alt 29(2), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1946 (Tuairisc maidir le hathrú agus cealú CFC éisteachta) | 0 | 0 |
| Alt 57(1), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1946 (Ceist maidir le scóip CCO nó ORF) | 0 | 0 |
| Alt 7, an tAcht Caidrimh Thionscail, 1969 (Léirmhíniú ar chomhaontú maidir le pá agus coinníollacha) | 0 | 2 |
| ***Líon Iomlán na gCásanna um Chaidreamh Tionsclaíoch*** | ***338*** | 386 |
| **Comhionannas** | | |
| Alt 24, an tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, 1977<br>(Gearán nár cuireadh Cinntiúchán na Cúirte i bhfeidhm) | 0 | 0 |
| Alt 77(2), an tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998<br>(Cásanna maidir le díbhe a d'eascair ó idirdhealú nó íospairt) | 3 | 0 |
| Alt 77(12), an tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998<br>(Achomharc i leith chinneadh Stiúrthóir an Bhinse Comhionannais – teorainn ama) | 4 | 6 |
| Alt 83, an tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998<br>(Achomharc i leith chinneadh Stiúrthóir an Bhinse Comhionannais) | 23 | 43 |
| Alt 77A(2)(a), na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998-2008 | 1 | 1 |
| ***Líon Iomlán na gCásanna Comhionannais*** | ***31*** | ***50*** |

| | | |
|---|---|---|
| **Eagrú Ama Oibre** | | |
| Alt 28(1), an tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997 (Achomharc i leith chinneadh Coimisinéara um Chearta) | 76 | 90 |
| Alt 28(8), an tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997 (Gearán nár cuireadh i bhfeidhm cinneadh an Choimisinéara um Chearta) | 97 | 55 |
| ***Líon Iomlán na gCásanna um Eagrú Ama Oibre*** | 173 | 145 |
| **Pá Íosta Náisiúnta** | | |
| Alt 27(1), an tAcht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000 (Achomharc i gcoinne cinnidh ag Coimisinéir um Chearta) | 14 | 19 |
| Alt 31(1), an tAcht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000 (Gearán nár cuireadh i bhfeidhm cinneadh an Choimisinéara um Chearta) | 2 | 5 |
| ***Líon Iomlán na gCásanna um Pá Íosta Náisiúnta*** | 16 | 24 |
| **Cosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha)** | | |
| Alt 17(1) den Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001 (Achomharc i gcoinne cinnidh ag Coimisinéir um Chearta) | 3 | 7 |
| Alt 17(8) den Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001 (Gearán nár cuireadh i bhfeidhm cinneadh an Choimisinéara um Chearta) | 0 | 0 |
| ***Líon Iomlán na gCásanna um Obair Pháirtaimseartha*** | 3 | 7 |
| **Cosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe)** | | |
| Alt 15(1) den Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Théarma Shocraithe), 2003 (Achomharc i gcoinne cinnidh ag Coimisinéir um Chearta) | 19 | 29 |
| Alt 15(8) den Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Théarma Shocraithe), 2003 (Gearán nár cuireadh i bhfeidhm cinneadh an Choimisinéara um Chearta) | 0 | 2 |
| ***Líon Iomlán na gCásanna um Obair Téarma Shocraithe*** | 19 | 31 |
| **Sábháilteacht, Sláinte agus Leas Fostaithe** | | |
| Alt 29(1), an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 (Achomharc i gcoinne cinnidh ag Coimisinéir um Chearta) | 8 | 7 |
| Alt 29(8), an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 (Gearán ag fostaí nár cuireadh i bhfeidhm cinneadh an Choimisinéara um Chearta) | 1 | 1 |
| ***Líon Iomlán na gCásanna um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas*** | 9 | 8 |
| **Faisnéis agus Comhairliúchán Fostaithe** | | |
| Alt 15 d'Acht na bhFostaithe (Soláthar Eolais agus Comhairliúcháin), 2006 | 2 | 7 |
| ***Líon Iomlán na gCásanna um Fhaisnéis agus Comhairliúchán*** | 2 | 7 |
| **Comhiomarcaíochtaí Eisceachtúla** | | |
| Alt 7(1)(a), an tAcht um Chaomhnú Fostaíochta (Comhiomarcaíochtaí Eisceachtúla agus Nithe Gaolmhara), (Iarratas ón Aire le haghaidh tuairime maidir le Comhiomarcaíochtaí Eisceachtúla) | 0 | 0 |
| ***Líon Iomlán na gCásanna um Chomhiomarcaíochtaí Eisceachtúla*** | 0 | 0 |
| **Sláinte** | | |
| Alt 55M(11), an tAcht Sláinte, 2004 (Achomharc i gcoinne chinneadh an Choimisinéara um Chearta faoin Acht seo) | 0 | 0 |
| Alt 55M(15), an tAcht Sláinte 2004 | 1 | 0 |
| ***Líon Iomlán na gCásanna Sláinte*** | 1 | 0 |

| | | |
|---|---|---|
| **Obair Ghníomhaireachta Shealadach** | | |
| Alt 25(2) den Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Ghníomhaireachta Shealadach), 2012 | 13 | 8 |
| Alt 25(3) den Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Ghníomhaireachta Shealadach), 2012 | 3 | 0 |
| ***Líon Iomlán na gCásanna um Obair Ghníomhaireachta Shealadach*** | 16 | 8 |
| ***Iompar ar Bóthar*** | | |
| Alt 19, Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iompar de Bhóthar) (Eagrú Ama Oibre Daoine i mbun Gníomhaíochtaí Soghluaiste Iompair ar Bhóithre), 2012 | 14 | 5 |
| Alt 20, Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iompar de Bhóthar) (Eagrú Ama Oibre Daoine i mbun Gníomhaíochtaí Soghluaiste Iompair ar Bhóithre), 2012 | 3 | 0 |
| ***Líon Iomlán na gCásanna um Iompar ar Bóthar*** | 17 | 5 |
| **Aistriú Gnóthas** | | |
| | | |
| Alt 11(1), Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Fostaithe a Chosaint ar Ghnóthais a Aistriú) 2003 | 0 | 0 |
| ***Líon Iomlán na gCásanna um Aistriú Gnóthas*** | 0 | 0 |
| **Íoc Pá** | | 0 |
| Alt 7(1), an tAcht um Íoc Pá, 1991 | 2 | 0 |
| ***Líon Iomlán na gCásanna um Íoc Pá*** | 2 | 0 |
| **Téarmaí Fostaíochta** | | |
| Alt 8 (1), na hAchtanna um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis) 1994-2012 | 1 | 0 |
| ***Líon Iomlán na gCásanna um Théarmaí Fostaíochta*** | 1 | 0 |
| | **628** | **672** |

## AGUISÍN 3

### *COMHCHOMHAIRLÍ TIONSCAIL CLÁRAITHE*

Tugtar na sonraí seo a leanas de chomhlachais ar Chlár na gComhchomhairlí Tionscail le linn na tréimhse a chlúdaítear leis an tuarascáil seo; tugtar iad de réir cheangaltais Alt 23(3) den Acht Caidrimh Thionscail, 1946.

1. Comhbhord Eadrána agus Idir-Réitigh do Thionscal Buataisí agus Bróg na hÉireann

*Dáta Clárúcháin:* 10 Iúil 1948
*Rúnaí:* C. Cronin, Uasal/C. O'Reilly, Uasal
An Chúirt Oibreachais

2. Comhchomhairle Tionscail do Thrádáil Mórdhíola na dTorthaí agus na nGlasraí i mBaile Átha Cliath

*Dáta Clárúcháin:* 27 Eanáir 1964
*Rúnaí:* C. Cronin, Uasal/C. O'Reilly, Uasal
An Chúirt Oibreachais

3. Comhchomhairle Tionscail don Tionscal Trádála

*Dáta Clárúcháin:* 26 Iúil 1965
*Rúnaí:* C. Cronin, Uasal/C. O'Reilly, Uasal
An Chúirt Oibreachais

4. Comhchomhairle Tionscail don Tionscal Slándála

*Dáta Clárúcháin:* 12 Nollaig 2011
*Rúnaí:* C. Cronin, Uasal/C. O'Reilly, Uasal
An Chúirt Oibreachais

5. Comhchomhairle Tionscail don Tionscal Glantóireachta ar Conradh

*Dáta Clárúcháin:* 19 Nollaig 2011
*Rúnaí:* C. Cronin, Uasal/C. O'Reilly, Uasal
An Chúirt Oibreachais

## AGUISÍN 4

## *FEIDHMEANNA NA CÚIRTE OIBREACHAIS*

### *Réamhrá Ginearálta*

Bunaíodh an Chúirt Oibreachais faoin Acht Caidrimh Thionscail, 1946. Is iad feidhmeanna na Cúirte cabhair a sholáthar chun saincheisteanna caidrimh thionscail a réiteach. Tá méadú mór tagtha ar fhreagrachtaí agus ar ról na Cúirte le himeacht na mblianta de bharr níos mó reachtaíocht fostaíochta Náisiúnta agus Eorpach a bheith ann agus de bharr achtú an Achta um Chaidreamh san Áit Oibre 2015 lena bhforáiltear gur ag an gCúirt Oibreachais agus aici sin amháin atá dlínse achomhairc i ngach díospóid a thagann faoi achtacháin a bhaineann le cearta fostaíochta.

Ag an tráth seo, is féidir feidhm na Cúirte a roinnt go forleathan idir a cuid oibre um ***chaidreamh tionsclaíoch*** (na saincheisteanna siúd a thagann os comhair na Cúirte faoi fhorálacha na nAchtanna Caidrimh Thionscail), agus a cuid oibre um ***chearta fostaíochta*** (na cásanna a tharchuirtear chuig an gCúirt faoi Achtanna na gceart fostaíochta).

### *Caidreamh Tionsclaíoch*

Déantar foráil sna hAchtanna Caidrimh Thionscail 1946 go 2015 do shaothar na Cúirte Oibreachais san earnáil caidrimh thionscail.Tá feidhmeanna éagsúla ag an gCúirt, agus is iad seo a leanas a bpríomhfheidhmeanna:

- <u>*Fiosrúchán ar dhíospóidí caidrimh thionsclaíoch*</u>

  Is ó iarrachtaí an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre (trí chomhdhálacha idir-réitigh idir na páirtithe) teacht ar réiteach comhaontaithe a thagann mórchuid de na díospóidí a thagann os comhair na Cúirte chun fiosrúchán a dhéanamh orthu. Nuair a tharchuirtear díospóid chuig an gCúirt, beidh éisteacht aici, agus eiseoidh sí 'Moladh' ina dhiaidh sin, ina leagtar amach tuairimí na Cúirte maidir le réiteach réasúnta ar an tsaincheist nó ar na saincheisteanna faoi dhíospóid. Níl an moladh ina cheangal ar na páirtithe ach bheadh orthu aird a thabhairt ar thuairimí na Cúirte.

In ionad próiseas idir-réitigh leis an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre, is féidir le ceachtar den dá pháirtí díospóidí a tharchur go díreach chuig an gCúirt nuair a aontaíonn siad roimh ré go nglacfaidh siad le Moladh na Cúirte.

Tá forálacha speisialta ann a bhaineann le díospóidí sa chás nach bhfuil socruithe idirbheartaíochta i bhfeidhm laistigh den fhostaíocht. I gcás dá leithéid, eiseoidh an Chúirt Moladh i ndiaidh a imscrúdaithe agus mura gcloífear le téarmaí an Mholta laistigh de thréimhse faoi leith, féadfaidh an Chúirt, ar iarratas, '*Cinntiúchán*' infheidhmithe a eisiúint.

- *Achomharc i gcoinne na moltaí ó Oifigeach Breithiúnais*

  Féadtar díospóid caidrimh thionsclaíoch a bhaineann le hoibrí amháin a tharchur ar dtús chuig Moltóir chun Moladh a fháil. Féadfaidh ceachtar páirtí achomharc a dhéanamh chuig an gCúirt Oibreachais maidir le Moladh an Mholtóra, agus tar éis éisteacht leis na páirtithe, eiseoidh an Chúirt 'Cinneadh' a bheidh de cheangal ar na páirtithe.

- *Clárú Comhaontuithe Fostaíochta*

  Tugtar cur síos ar shaothar na Cúirte sa limistéar seo níos luaithe sa Tuarascáil Bhliantúil. De ghnáth, beidh ar an gCúirt comhaontú pá agus coinníollacha a chlárú a tugadh chun críche ag an dá 'thaobh' in earnáil nó i bhfiontar ar leith agus is é an éifeacht a bheidh ag an gclárú sin ná go ndéanfar comhaontú atá in-fhorfheidhmithe go dlíthiúil den chomhaontú. Is féidir gearán maidir le sárú ar Chomhaontú Fostaíochta Cláraithe a dhéanamh chuig an gCúirt, a dhéanann imscrúdú ar an ngearán, agus a bhíonn in ann Ordú a dhéanamh a threoraíonn gur chóir nithe sonracha a dhéanamh ionas go gcloítear leis an gComhaontú.

- *Comhchoistí Oibreachais/Orduithe Rialaithe Fostaíochta*

  Tugtar cur síos ar an réimse seo gníomhaíochtaí den Chúirt Oibreachais in áit eile sa Tuarascáil. Go hachomair, féadfaidh an Chúirt, ar iarraidh orthu, Comhchoiste Oibreachais a bhunú i leith earnáil áirithe.Is ionadaithe d'fhostóirí agus oibrithe san earnáil sin a bheidh ar an gCoiste faoi chathaoirleach neamhspleách. Tionólfaidh an Coiste chun rátaí pá agus coinníollacha a phlé a chuirfear chun feidhme san earnáil agus féadfaidh siad tograí a dhéanamh chuig an gCúirt Oibreachais chun na rátaí agus coinníollacha comhaontaithe a ionchorprú in ionstraim atá in-fhorfheidhmithe sa dlí dá ngairtear '*Ordú Rialaithe Fostaíochta*'. Tagair don nóta níos luaithe, le do thoil, maidir le tionchar rialáil na hArd-Chúirte in Iúil 2011ar in-fhorfheidhmeacht ORFanna.

- *Cóid Chleachtais*

  Déanann an tAcht Caidrimh Thionscail, 1990, foráil do '*chóid chleachtais*' maidir le caidreamh tionscail a bheith ullmhaithe ag an gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais. Nuair a bhíonn cód den sórt sin i bhfeidhm, is féidir iarratas a dhéanamh freisin chuig an gCúirt maidir le sárú ar an gcód. Ina theannta sin, féadtar gearán a dhéanamh faoi shárú cóid a dhéanamh leis an gCúirt.

***Cearta Fostaíochta***

Is é príomhobair na Cúirte ó thaobh cearta fostaíochta de ná feidhmiú mar chomhlacht achomhairc i ndáil leis na hachtacháin um Chearta Fostaíochta agus cinntiúchán a eisiúint maidir le gearáin áirithe a bhaineann le neamh-fhorfheidhmiú cinntí a rinne Oifigeach Breithiúnais[4].

Ina theannta sin, faomhann an Chúirt comhaontuithe maidir le ham oibre faoin Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997 agus comhaontuithe comhchoiteanna i ndáil le fostaithe páirtaimseartha ócáideacha faoin Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001.


Foráiltear le hachtú an Achta um Chaidreamh san Áit Oibre 2015 gurb í an Chúirt Oibreachais an t-aon chomhlacht achomhairc amháin le haghaidh cinntí de chuid Oifigigh Bhreithiúnais. Fágfaidh feidhm leathnaithe seo na Cúirte Oibreachais go mbeidh sí ag socrú achomhairc de chuid Oifigigh Bhreithiúnais i ngach réimse den reachtaíocht a bhaineann le cearta fostaíochta.

[4] Ón 1 Deireadh Fómhair 2015 amach, mura gcuireann fostóir cinneadh a rinne Oifigeach Breithiúnais de chuid an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre, nó cinneadh de chuid na Cúirte Oibreachais a thagann as achomharc ó Oifigeach Breithiúnais, i bhfeidhm taobh istigh den am a leagadh amach, is féidir iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt Dúiche ar ordú lena dtabharfar treoir don fhostaí nó don fhreagraí an cinneadh a chur i bhfeidhm.

## AGUISÍN 5

### Struchtúr na Cúirte Oibreachais

13 CHOMHALTA LÁNAIMSEARTHA ATÁ AG AN GCÚIRT OIBREACHAIS – CATHAOIRLEACH, 4 LEAS-CHATHAOIRLEACH AGUS 8 NGNÁTH-CHOMHALTA. IS FOSTÓIRÍ 4 DE NA GNÁTH-CHOMHALTAÍ AGUS IS OIBRITHE AN 4 EILE.




### Éisteacht de chuid na Cúirte Oibreachais

Tógann Roinn den Chúirt gach éisteacht de chuid na Cúirte. Sa Roinn sin bíonn Cathaoirleach na Cúirte nó Leas-Chathaoirleach de chuid na Cúirte, Comhalta ar Oibrí é/í agus Comhalta ar Fostóir é/í.

### Cláraitheoir

Tagann Cláraitheoir na Cúirte Oibreachais ar sheirbhísí agus comhairle dlí thráthúil agus soláthraíonn don Chúirt Oibreachais iad agus í ag cur a feidhmeanna reachtúla i gcrích.

### Riarachán na Cúirte Oibreachais




Tacaíonn seirbhís riaracháin leis an gCúirt Oibreachais agus í ag cur a feidhme i gcrích. Fostaithe buana ar státseirbhísigh iad is ea baill foirne na seirbhíse sin, agus is cuid d'fhoireann na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta iad.

## AGUISÍN 6

### ***TUILLEADH FAISNÉISE***

Tá tuilleadh eolais ar aon rud atá sa Tuarascáil Bhliantúil seo ar fáil ó:

An Chúirt Oibreachais
Teach Tom Johnson
Bóthar Haddington
Baile Átha Cliath 4

Guthán: (01) 613 6666
Uimhir íosghlao (má táthar ag cur glao lasmuigh de limistéar (01)): 1890 22 02 28
Facs: (01) 613 6667

R-phost: info@labourcourt.ie
Suíomh Gréasáin: www.workplacerelations.ie

| **Ceist** | **Roinn Ábhartha den Chúirt Oibreachais** | **Teagmháil** |
|---|---|---|
| Maidir le cás ar leith, ***roimh*** an éisteacht | An Rannán Cláreagraithe | (01) 6136608, 6136650, 6136610, |
| Maidir le cás ar leith, ***i ndiaidh*** na héisteachta | Rúnaí Ábhartha na Cúirte | Amhail a thugtar le fios ag an éisteacht |
| Comhchoistí Oibreachais<br>Comhaontuithe Fostaíochta Cláraithe/Orduithe Fostaíochta Earnála<br>Orduithe Rialaithe Fostaíochta<br>Clárúcháin do phrintíseachtaí gruagaireachta | Comhchoistí Oibreachais/ Rannóg na gComhchomhairlí Tionscail | (01) 6136631, 6136632, 6136626<br><br>r-phost: jlc@labourcourt.ie |
| Faisnéis ghinearálta maidir le caidreamh tionsclaíoch, comhionannas, eagrú ama oibre, obair pháirtaimseartha, obair théarma shocraithe | Seirbhísí do Chustaiméirí - Caidreamh san Áit Oibre | 1890 80 80 90 |

## AGUISÍN 7

### *TUARASCÁIL AIRGEADAIS 2015*

| **Tuarascáil Airgeadais le haghaidh 2015** | **€** |
|---|---|
| Pá: | 1,978,735 |
| Neamhphá: | 276,337 |
| IOMLÁN | 2,255,072 |

| **Príomhréimsí an chaiteachais neamhphá** | **€** |
|---|---|
| Postas/Gutháin | 69,775 |
| Trealamh agus Soláthairtí Oifige | 27,152 |
| Áitreabh na hOifige | 102,379 |

B'ionann caiteachas ar chásobair lena raibh gá éisteachtaí a dhéanamh i suíomhanna lasmuigh de cheanncheathrú na Cúirte Oibreachais agus €53,238.

**Íocaíochtaí Prasa**

Lean an Chúirt leis an Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997 a chomhlíonadh (arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (íocaíocht dhéanach in idirbhearta tráchtála) 2002). De réir chinneadh an Rialtais S29296 an 2 Márta 2011, tá an Chúirt Oibreachais tiomanta do gach iarracht a dhéanamh soláthraithe a íoc laistigh de 15 lá ó shonrasc bailí a fháil. Más gá, íocfar ús ar íocaíocht phras de réir na dtreoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

## AGUISÍN 8

# Clár Oibre na Cúirte Oibreachais don Bhliain 2015<br>Príomhghníomhartha agus Príomhtháscairí Feidhmíochta

| Gníomh | Feidhmíocht in 2015 |
|---|---|
| Obair in idirchaidreamh le hOifig an Tionscadail Athchóirithe chun na tionscnaimh luathbhuachana faoin gClár Athchóirithe a chur i bhfeidhm agus a leabú | Foirm aonair le haghaidh Achomhairc um Chaidreamh san Áit Oibre ar fáil ar líne<br><br>Leanadh le hidirchaidreamh leanúnach leis an nGrúpa Seachadta Cláir. |
| Idirchaidreamh éifeachtúil a dhéanamh leis an Oifig Tionscadal maidir le próiseáil gearán um chaidreamh san áit oibre agus sceidealú agus bainistíocht éisteachtaí a chuíchóiriú tuilleadh agus acmhainní a thabhairt ina leith. | Idirchaidreamh le hOifig an Tionscadail Athchóirithe i ndáil le struchtúr agus foireann an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre agus na Cúirte Oibreachais<br><br>Glacadh le Rialacha agus Nósanna Imeachta inmheánacha le haghaidh próisis ghnó nua<br><br>Freastal leanúnach ar chruinnithe Tionscadail **de réir mar a theastaigh** |
| Idirchaidreamh éifeachtúil a dhéanamh leis an Oifig Tionscadal maidir le cur i bhfeidhm an Bhille um Chaidreamh san Áit Oibre (Leasú) agus acmhainní a thabhairt dó. | Thit ath-imlonnú foirne amach faoi mar a theastaigh in 2015.<br><br>Ceapadh Rannóg nua de chuid na Cúirte Oibreachais |
| Fuarthas agus cláraíodh gearáin, achomhairc agus tarchur díospóidí go héifeachtúil agus go héifeachtach. | Baineadh amach an sprioc maidir le gearáin/achomhairc a chlárú laistigh de 5 lá oibre óna bhfáil.<br><br>Baineadh amach an sprioc chun aitheantais a eisiúint do ghearánaithe agus fógraí a eisiúint do fhreagróirí laistigh de 5 lá oibre tar éis achomhairc/tarchur a fháil. |
| Soláthar a dhéanamh d'éisteacht éifeachtúil agus éifeachtach gearán, achomharc agus tarchur | Baineadh amach na spriocanna le haghaidh éisteachtaí Cúirte maidir leis an méid a leanas:<br>• dátaí éisteachta a shocrú<br><br>• éisteachtaí a chur ar bun<br><br>• cinntiúcháin a eisiúint<br><br>• cinntiúcháin a fhoilsiú ar an láithreán gréasáin |
| Clár um fhorbairt ghairmiúil leanúnach do Chomhaltaí na Cúirte | Freastalaíodh ar 2 chomhdháil in 2015.<br>D'fhreastail an Cathaoirleach ar chruinniú Breithiúna Cúirte Oibreachais Chúirt Oibreachais na hEorpa<br>Cuireadh 2 fhóram intí ar bun. |
| Athbhreithniú ar CCOanna | Níor ceapadh aon duine eile ar CCOanna in 2015 |

| Gníomh | Feidhmíocht in 2015 |
|---|---|
| Rúnaíocht a sholáthar do CCOanna. | Soláthraíodh an rúnaíocht, faoi mar a theastaigh in 2015 |
| Fáil éifeachtúil agus éifeachtach tograí agus iarratas maidir le ORFanna a éagsúlú nó a chur ar ceal, agus cinneadh a dhéanamh maidir leo | Cuireadh dhá ORF faoi bhráid na Cúirte Oibreachais agus shínigh an tAire iad in 2015<br><br>Baineadh na spriocanna amach chun tograí a phoibliú ón CCO.<br><br>Soláthraíodh an rúnaíocht, faoi mar a theastaigh in 2015. |
| Cinneadh a dhéanamh ar iarratais maidir le clár CCTanna a chlárú/a chur ar ceal.<br><br>Rúnaíocht a sholáthar do CCTanna. | Ní raibh CCT nua ar bith agus níor cealaíodh aon CCT in 2015.<br><br>Soláthraíodh an rúnaíocht, faoi mar a theastaigh. |
| Fáil éifeachtúil agus éifeachtach tograí agus iarratas maidir le comhaontuithe fostaíochta a chlárú, a éagsúlú nó a athbhreithniú, agus cinneadh a dhéanamh maidir leo. | CFCanna nua nó éagsúlaithe ar bith in 2015. |
| Bainistiú a dhéanamh ar an scéim um chlárú printísigh ghruagaireachta a bhainistiú. | Baineadh amach an sprioc maidir le printíseachtaí a chlárú agus litreacha um dhearbhú a eisiúint d'eisimircigh ionchasacha. |